



Cé hiad do CTRanna?

Réimsí Foghlama:

Foghlaim don tSaol agus don Obair: : *Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda*

Cuspóirí Foghlama

Trí na gníomhaíochtaí a chomhlánú, beidh an deis ag na daltaí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- imscrúdú a dhéanamh ar bhunreithe an daonlathais agus ar dhóigheanna le bheith rannpháirteach trí chluichí a imirt;
- taighde a dhéanamh ar an dóigh le tionchar a imirt ar phróisis an daonlathais trí bhileog 'Bíodh Cead Cainte Agat' a chruthú; agus
- cur i láthair a dhéanamh don rang agus cur le measúnú piaraí.


Riachtanais Reachtúla

Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar líne agus ranga leis na riachtanais reachtúla seo a leanas:

Foghlaim don tSaol agus don Obair: *Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda*

Ba cheart deiseanna a bheith ag daltaí:

- imscrúdú a dhéanamh ar bhunreithe an daonlathais; agus
- imscrúdú a dhéanamh ar dhóigheanna éagsúla le bheith rannpháirteach sa scoil agus sa tsochaí.





Scileanna Traschuraclaim/Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar líne agus ranga an deis ar fáil do dhaltaí na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

Bainistiú Eolais	Trí úsáid as gníomhaíocht na dtoghcheantar mar bhunphointe le taighde breise a dhéanamh ar thréithe daonlathais, beidh deis ag daltaí a scileanna a fhorbairt i láimhseáil faisnéise, trí: <ul style="list-style-type: none">• úsáid a bhaint as a smaointe féin agus smaointe daoine eile le foinsí faisnéise a aimsiú; agus• réimse modhanna a úsáid le heolas a bhailiú, a thaifeadadh agus a chur i láthair.
Úsáid TFC	An Ghníomhaíocht Leantach, ina dtáirgeann daltaí bileog nó suíomh gréasáin 'bíodh cead cainte agat', tugann sí deis do dhaltaí a scileanna in úsáid TFC a fhorbairt i bhfoilsitheoireacht deisce nó i ndearadh gréasáin.

Forléargas

An gníomhaíocht um Léarscáil Toghcheantair faoin nasc **Cé hIad do CTRanna?** i rannán **Bhlíanta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#), is léarscáil idirghníomhach í a léiríonn na toghcheantair a úsáidtear do thoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann. Is féidir amharc ar na cúig CTR a thoghtar i ngach toghcheantar agus ainmneacha na bpáirtithe trí chliceáil ar gach toghcheantar.

Cuireann an Ghníomhaíocht Tosaigh daltaí ar an eolas faoi bhuntréithe an daonlathais agus modhanna rannpháirtíochta ag úsáid cluichí agus díospóireacht bunaithe ar an Fhillteán dar teideal Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda (CCEA, 2005). Is féidir an áis seo a aimsiú i rannán **Eochairchéim 3, Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda** de shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag: www.nicurriculum.org.uk

Forbraíonn an Ghníomhaíocht Leantach ar phrionsabal rannpháirtíochta an tsaoránaigh trí iarraidh ar dhaltaí suíomh gréasáin nó bileog 'Bíodh Cead Cainte Agat' a chruthú, ansin é a chur i láthair an ranga agus a phlé.





Gníomhaíocht Tosaigh

Dírigh isteach ar an ghníomhaíocht um Léarscáil Toghcheantar ar líne ag úsáid an Fhillteáin dar teideal Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda (CCEA, 2005). Is féidir an áis seo a aimsiú i rannán **Eochairchéim 3, Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda** de shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag: www.nicurriculum.org.uk Tabhair isteach bunthréithe an daonlathais agus bealaí rannpháirteachais trí hAonad 7: Cad É a Chiallaíonn Daonlathas? agus Aonad 8: Cad É Mar a Thig Liom Páirt a Imirt?

Iarr ar dhaltaí an Cluiche (Aonad 7) Rás Chun an Daonlathais a imirt (7.2b).

Nuair a bheidh na daltaí críochnaithe ag imirt, pléigh an cineál rudaí a chuireann cosc ar an daonlathas agus a chuidíonn leis.

Iarr orthu machnamh a dhéanamh ar an cheist an daonlathas é Tuaisceart Éireann. Úsáid na ceisteanna spreagtha seo a leanas (bunaithe ar na ceisteanna Stop agus Gabh (7.2c) ón áis Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda):

- Cad é mar atá a fhios agat gur tír dhaonlathach í Tuaisceart Éireann? Mar shampla, an bhfuil deis ag gach duine bheith rannpháirteach i dTuaisceart Éireann? Cén dóigh?
- An féidir le daoine i dTuaisceart Éireann vótáil do níos mó ná páirtí amháin?

Lean ar aghaidh ón díospóireacht trí dhul ar aghaidh chuig an ghníomhaíocht um Léarscáil Toghcheantair faoin nasc Cé hIad do CTRanna? i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#).

Gníomhaíocht Ar Líne

I mbeirteanna, úsáideann daltaí an ghníomhaíocht Léarscáil Toghcheantair faoin nasc Cé hIad do CTRanna? i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#) le taighde a dhéanamh ar na toghcheantair dhifriúla i dTuaisceart Éireann:

- Athbhreithnigh na treoracha trí chliceáil ar chnaipe na faisnéise.
- Na toghcheantair éagsúla agus na CTRanna a bhaineann leo a fhiosrú.
- Comhlánaigh an Leathán Taighde ar Thoghcheantair (Áis 1).

Aithne a chur ar an ionadaí agat...

Is prionsabal den daonlathas é toghcháin rialta, saora agus cothroma a bheith ann. Ar an Leathán Taighde ar Thoghcheantair a chomhlánú dóibh, beidh a fhios ag na daltaí na hainmneacha atá ar na hionadaithe tofa dá dtoghcheantar:

- Má tá daltaí ina gcónaí in aice le teorainneacha toghcheantair agus mura bhfuil siad cinnte cad é an toghcheantar ina bhfuil siad, is féidir leo úsáid a bhaint as Uirlis an Phostchóid ar an tsuíomh gréasáin Cá hÁit a Bhfuil mo Sheirbhíseach Poiblí? Suíomh gréasáin (WIMPS) lena n-ionadaí a aimsiú ag: www.wimps.tv
- Is féidir le daltaí taighde a dhéanamh ar an dóigh le teagmháil a dhéanamh le CTRanna áitiúla ar phríomhshuíomh gréasáin Thionól Thuaisceart Éireann ag: www.niassembly.gov.uk
- Le háiseanna ar nós *Street View* ar [Google maps](http://www.google.com/maps), thiocthadh leo amharc ar oifigí toghcheantair ag: www.maps.google.co.uk





Eolas a fháil ar an toghcheantar agat...

Má dhéantar taighde ar mhionsonra ar léarscáil ó Google Maps agus é a chur i gcomparáid le Léarscáil na dToghcheantar, d'fhéadfadh sé bheith ina chuidiú leis na ceisteanna seo a leanas a réiteach:

- Cad é an cur síos is fóirsteanaí don toghcheantar agat, mar shampla, an toghcheantar tuaithe é, nó uirbeach, nó meascán den dá rud?
- An féidir leat na príomhbhailte móra a ainmniú srl? Na príomhthionsclaíochtaí sa cheantar srl.?
- An bhfuil tú eolach ar aon saincheisteanna reatha nó cúiseanna imní sa toghcheantar agat?

Leis an fhaisnéis a bhfuil taighde déanta acu uirthi cheana féin, thiocfadh le daltaí teagmháil a dhéanamh le CTRanna áitiúla maidir leis na saincheisteanna a bhfuil siad ag déileáil leo sa toghcheantar.

Gníomhaíochtaí Gaolmhara

Tá áiseanna ilmheán eile a baineann leis an ghníomhaíocht seo i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#):

Cé a Dhéanann na Cinntí?

Déanann leibhéil dhifriúla den daonlathas againn cinntí a théann i bhfeidhm ar an tsaol i dTuaisceart Éireann. An bhfuil a fhios agat cé atá freagrach as na réimsí a mbíonn baint agat leo gach lá?

CTR go ceann Seachtaine

Faigh an mórfhictiúr ar na rudaí a dhéanann CTR le linn na seachtaine tríd an ról sin a ghlacadh. Chomh maith le sceideal gnóthach a láimhseáil, tá tascanna eile le déanamh amhail óráid a scríobh, agus a bheith páirteach i dtráth na gceisteanna agus preasócaidí.

Cad é mar a thoghann muid CTRanna?

Míníonn an físeán seo córas an Aonvóta Inaistrithe a úsáidtear le hionadaithe a thoghadh i dtoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann.

Gníomhaíocht Leantach

Is prionsabal tábhachtach den daonlathas é an rannpháirtíocht. Cé go bhfuil ar dhaltaí EC3 fanacht roinnt blianta breise le vótáil do na gCTRanna a dhéanann ionadaíocht dóibh, is den tábhacht dóibh fios a bheith acu ar dhóigheanna eile a dtig leo bheith páirteach i gcinnteoireacht.

Déan grúpaí den rang le suíomh gréasáin nó bileog 'Bíodh Cead Cainte Agat' a chruthú.

Is é is aidhm leis an tsuíomh gréasáin/bhileog, a thaispeáint do dhaoine óga (faoi 18) an dóigh a dtig leo a dtuairimí a nochtadh i gcinntí a théann i bhfeidhm ar a saol.

B'fhéidir go mbeadh Aonad 8 úsáideach: Cad É Mar a Thig Liom Bheith Páirteach? ón Fhillteán dar teideal Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda (CCEA, 2005). Is féidir an áis seo a aimsiú i rannán **Eochairchéim 3, Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda** de shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag: www.nicurriculum.org.uk





Tabhair na fotheidil seo a leanas do na grúpaí dá suíomh gréasáin/mbileog:

- **'Bíodh cead cainte agat' agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Páistí.**
Mínigh cad é atá le rá ag CNAACL maidir le cearta páistí, go háirithe freagracht daoine fásta éisteacht le cúiseanna inní na bpáistí.
- **Cad chuige ar chóir duit 'cead cainte a bheith agat?'**
Taispeáin cad é mar a théann cinní a dhéantar ar leibhéal na scoile, an cheantair agus go náisiúnta i bhfeidhm ar shaol na ndaoine óga agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach go n-éistfí le guth na n-óg.
- **Cad é mar a thig leat 'cead cainte a bheith agat?'**
Tabhair faisnéis do dhaoine óga ar an dóigh a dtig leo bheith páirteach sa phróiseas dhaonlathach (ar scoil, sa cheantar áitiúil agus go náisiúnta). Smaoinigh ar an dóigh a mbíonn foirmeacha nua de na meáin shóisialta ag cur ardán ar fáil do dhaoine a gcuid tuairimí a nochtadh.
- **Suíomhanna gréasáin agus seoltaí úsáideacha**
Sa rannán seo, ba cheart an fhaisnéis a chur isteach a bailíodh níos luaithe ar shuíomhanna oifigí na CTRanna do thoghcheantar na ndaltaí. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh faisnéis teagmhála a chur isteach do na hinstitiúidí daonlathacha eile a bhaineann leo, mar shampla, MP áitiúil/oifig an MEP, seoladh na comhairle áitiúil, ionadaithe ar chomhairle na scoile.

De rogha air sin, thiocthadh leat fo-rannán nó teideal a thabhairt do gach grúpa le taighde a dhéanamh air, agus aon suíomh gréasáin nó bileog amháin a tháirgeadh sa deireadh.

B'fhéidir go mbeadh na suíomhanna gréasáin agus na háiseanna seo a leanas úsáideach do dhaltaí ina gcuid taighde:

- *The Democracy Cookbook (Northern Ireland Special)*, An Coimisiún Toghcháin TÉ, www.dopolitics.org.uk
- Coimisiún Thuaisceart Éireann um Leanáí agus Daoine Óga (NICCY), www.niccy.org
- School Councils UK, www.schoolcouncils.org
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (United Nations Convention of the Rights of the Child), www.un.org/Pubs/CyberSchoolBus/crc/simplified.html

Nuair a bheidh an bhileog/suíomh gréasáin críochnaithe ag gach grúpa, ba chóir dóibh a gcuid oibre a chur i láthair an ranga.

Iarr ar an rang plé a dhéanamh ar cé acu gnéithe d'obair gach grúpa a bhí rathúil. Má tá bileog amháin nó suíomh gréasáin amháin cruthaithe ag an rang, pléigh an dóigh a dtiocfadh leat an obair a phoibliú agus a dháileadh ar a spriocphobal.





Áis 1: Leathán Taighde ar Thoghcheantair

1. Mínigh cad é is toghcheantar ann.

2. Cá mhéad toghcheantar atá ann i dTuaisceart Éireann do thoghcháin an Tionóil?

3. Cá mhéad CTR a thoghtar i ngach toghcheantar?

4. Cad é an t-ainm atá ar an toghcheantar s'agatsa?

5. Cé hiad na CTRanna a dhéanann ionadaíocht duitse?

Ainm an CTR	Páirtí an CTR
1.	
2.	
3.	
4.	
5.	
6.	

